



COMHDHÁIL EORPACH AR ILTEANGACHAS SAN OIDEACHAS

Tá an 5ú Comhdháil do Thaighdeoirí Sóisearacha
sa Teangeolaíocht Fheidhmeach á tionól
ag AILA-Europe/Cumann na Teangeolaíochta Feidhmí (IRAAL)
18 – 20 Meitheamh 2013
i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Éire

Is é an t-ilteangachas i gcomhthéacsanna oideachasúla an topaic a bheidh mar fhócas ag an gComhdháil do Thaighdeoirí Sóisearacha 2013. Cuirfear fáilte roimh aon chur i láthair nó aon phóstaer a bhaineann leis na hábhair seo a leanas (d'fhéadfaí glacadh le hábhair eile freisin):

- Foghlaim/múineadh na dara teanga nó teanga iasachta
- Foghlaim/múineadh teangacha mionlaigh nó réigiúnacha
- Beartais oideachas teanga
- Teangacha san oideachas
- Teangacha an oideachais/an teagaisc

Seol **achóimre suas le 500 focal**, a bhfuil d'ainm, ainm d'ollscoile agus do sheoladh ríomhphoist leis chuig **JRM2013@tcd.ie** roimh an **spriocdháta 31 Deireadh Fómhair 2012**, agus cuir in iúl ar mhaith leat cur i láthair páipéir nó póstaer a dhéanamh.

Déanfar seimineár agus ceardlann a réachtáil roimh an gcomhdháil ar 17 Meitheamh 2013, agus beidh fáilte roimh rannpháirtithe na Comhdhála freastal orthu sin.

Tugann an Chomhdháil do Thaighdeoirí Sóisearacha deis do theangeolaithe feidhmeacha nach bhfuil i bhfad sa ghairm a gcuid taighde a chur i láthair agus líonrú a dhéanamh i dtimpeallacht idirnáisiúnta atá idirghníomhach agus neamhfhoirmiúil. Is "taighdeoir sóisearach" aon duine a bhfuil tráchtas máistreachta nó dochtúireachta idir lámha aige/aici, chomh maith leo siúd a bhain a c(h)éim amach le cúpla bliain anuas.

Ionad comhdhála:

Tá Coláiste na Tríonóide, ceann d'ollscoileanna móra an domhain, suite ar champas álainn stairiúil i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Réachtálfar an Chomhdháil do Thaighdeoirí Sóisearacha i Mol an tSeomra Fhada, institiúid taighde na ndaonnachtaí agus na n-ealaíon ag Coláiste na Tríonóide. Tá ainm na hinstiúide taighde tógtha ó Leabharlann Íocónach na hOllscoile a tógadh san ochtú haois déag. Is cathair shoshroichte í Baile Átha Cliath, ina bhfuil réimse leathan lóistín ar fáil. Tá coiste eaqrúithe na Comhdhála ag súil le céad míle fáilte a chur romhat!

Tionólaí na Comhdhála: Dr Lorna Carson; Có-Thionólaí: Emma Riordan
Arna óstáil ag Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide,
Coláiste na Tríonóide